V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10859 — TRAFIGURA / ECOBAT RESOURCES STOLBERG)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 8/02)

1. An 22 Nollaig 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Trafigura Group Pte Limited ("Trafigura", Singeapór);

— Ecobat Resources Stolberg GmbH ("ERS", an Ghearmáin), atá faoi rialú Ecobat LLC ("Ecobat", an Ghearmáin) faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

Gheobhaidh Trafigura rialú ar ERS ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is trádálaí tráchtearraí neamhspleách é Trafigura a dhéanann speisialtóireacht de mhargaí na hola, na mianraí agus na miotal ar an leibhéal domhanda.

— Tá saoráid bruithnithe luaidhe ag ERS in Stolberg na Gearmáine ina dtáirgtear miotal luaidhe mar aon le miotail eile idir tháirmhiotail agus mhiotail lómhara lena n-áirítear airgead doré agus aigéad sulfarach, a ghnóthaítear mar sheachtháirgí ó phróiseas bruithnithe na luaidhe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10859 — TRAFIGURA / ECOBAT RESOURCES STOLBERG

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË